# Guthanna an *Lae Amárach*



ombudsman
do leanaí
for children

Youth Advisory Panel

# Guthanna an Lae Amárach

Scríobh Painéal Comhairleach Óige an Ombudsman do Leanaí an doiciméad seo. D'oibríomar le chéile chun cúig cheist a chur le chéile don Rialtas nua. Tá ár nguthanna taobh thiar dóibh. Is grúpa de dhaoine óga sinn idir 13-18 mbliain d'aois ar fud na hÉireann.


B'fhéidir nach mbeimid in ann vótáil go fóill, ach **is sinne vótálaithe na todhchaí, guthanna an lae amárach, agus sin an fáth go bhfuilimid ag iarraidh ar an Rialtas nua éisteacht leis an méid a bhfuil le rá againn anois. Táimid ag iarraidh ar athrú i gcúig phríomhréimse thar na cúig bliana atá romhainn,** ní amháin dúinne, ach **do gach páiste in Éirinn.**

| | |
|---|---|
| **Ailis,** 16, Uíbh Fhailí | **Killian,** 16, Baile Átha Cliath |
| **Alicia,** 16, Baile Átha Cliath | **Luke,** 17, Baile Átha Cliath |
| **Bel,** 17, Baile Átha Cliath | **Mia,** 16, Baile Átha Cliath |
| **Beth,** 17, Luimneach | **Molly,** 16, An Cabhán |
| **Chris,** 17, Luimneach | **Murphy,** 17, Baile Átha Cliath |
| **Ciaran,** 18, Baile Átha Cliath | **Princess,** 17, Corcaigh |
| **Eoin,** 16, Baile Átha Cliath | **Rachel,** 17, Cill Dara |
| **Esther,** 16, Corcaigh | **Sienna,** 18, Maigh Eo |
| **Faith,** 17, Maigh Eo | **Sinéad,** 17, Maigh Eo |
| **Hassan,** 18, Baile Átha Cliath | **Toby,** 16, Baile Átha Cliath |
| **Karolina,** 17, Dún na nGall | |

# 1. Tá ár gCeart ar Sheirbhísí agus Tacaíochtaí Meabhairshláinte Ardchaighdeáin tuillte againn

Bíonn tionchar ag ár meabhairshláinte ar conas a **mothaímid, conas a smaoinímid agus conas a mairimid.** Neartaíonn sé ár sláinte coirp, ár dtáirgiúlacht agus tá sé tábhachtach le haghaidh saol cothrom. Tá sé níos éasca foghlaim agus ár **gceart chun oideachais** a fháil má tá tacaíochtaí maithe láidre maidir le meabhairshláinte againn.

- Tá daoine óga in Éirinn **faoi bhrú níos mó ná riamh,** idir scoil, teaghlach agus an domhan ar líne. **Is ardtosaíocht í an mheabhairshláinte do níos mó daoine ná sinne amháin.**
- Ina ainneoin sin, tá **rochtain theoranta** romhainn **ar na seirbhísí tacaíochta atá ag teastáil uainn,** seirbhísí **nach bhfuil dóthain foirne acu** agus a bhfuil liostaí feithimh fada acu, go háirithe i scoileanna agus i bpobail tuaithe.
- **Téann sin i bhfeidhm go háirithe ar dhaoine óga imeallaithe, amhail páistí** LGBTQIA+, páistí den Lucht Siúil, páistí a bhfuil míchumas orthu agus páistí imirceacha.



**Táimid ag iarraidh ar an rialtas nua ár gceart ar an gcaighdeán is airde agus is indéanta maidir le meabhairshláinte a chosaint.** Tá an méid a leanas ag teastáil uainn:

1. Maoiniú agus tacaíochtaí méadaithe ionas gur féidir seirbhísí meabhairshláinte a oibriú ar bhealach níos fearr
2. Oideachas chun cabhrú linn aire a thabhairt dár meabhairshláinte féin agus chun náire a chosc
3. Oiliúint agus tacaíochtaí do mhúinteoirí, do bhaill foirne agus do chomhairleoirí chun aire a thabhairt do mheabhairshláinte i scoileanna
4. Níos mó tacaíochta agus acmhainní ionas gur féidir le páistí a bhfuil míchumas orthu rochtain a fháil ar sheirbhísí meabhairshláinte
5. Spleáchas níos lú ar chógas chun cóir leighis a chur ar dheacrachtaí meabhairshláinte óige
6. Cúram sláinte feabhsaithe do dhaoine óga trasinscneacha.



# 2. Tá ár gCeart chun Tí tuillte againn

Tá sé tuillte ag gach páiste in Éirinn cónaí in **áit éigin ina mothaíonn siad sábháilte.** Mura mothaíonn, cuirtear ár gcearta eile i mbaol, lena n-áirítear ár gceart chun sláinte, teaghlaigh agus cúraim, agus oideachais. Nuair a thiteann sé sin amach, íocaimid as iarmhairtí cinntí daoine fásta.

- Tá easpa dídine páistí **ag druidim an líon is airde riamh,** agus **breis is 4,000 páiste sáinnithe in easpa dídine i mí Dheireadh Fómhair 2024.** **Sin 4,000 páistí cosúil linne atá ina gcónaí i lóistín plódaithe, mí-oiriúnach atá dochrach dá dtodhchaí.**
- Tar éis 18 mí ina gcónaí gan teach, tosaíonn páistí le **saincheisteanna forbartha suntasacha a bheith acu ar féidir tionchar marthanach a bheith acu ar feadh a saolta mar gheall orthu.**
- Ceapaimid go bhfuil fadhbanna eile ag teacht as an ngéarchéim tithíochta, amhail ciníochas agus easaontas.



**Táimid ag iarraidh ar an rialtas nua ar gceart chun tí a chosaint.** Tá an méid a leanas ag teastáil uainn:

1. Cáin ar thithe folmha faoi úinéireacht úinéirí a bhfuil roinnt maoine acu
2. Níos mó tithíochta sóisialta agus cíosanna níos ísle
3. Go stopann tiarnaí talún le leithcheal a dhéanamh i gcoinne tionóntaí a fhaigheann íocaíochtaí ICT
4. An ceart chun tithíochta a chur sa Bhunreacht
5. Deireadh a chur le soláthar díreach.



# 3. Tá ár gCeart chun caighdeáin maireachtála dóthanaí tuillte againn

**Níor cheart go mbeadh ár dtodhchaí ag brath ar an gcás inar rugadh sinn.** Téann an bhochtaineacht i bhfeidhm orainn ar bhealach níos mó ná "gan ár ndóthain a bheith againn". Séanann sí bia, éadaí agus cógas dúinn agus téann sí i bhfeidhm ar ár meabhairshláinte agus ar ár oideachas, cearta atá **ríthábhachtach dár bhforbairt** agus cearta ar cheart dúinn a **fháil beag beann ar chúinsí. D'fhulaing páistí ar labhraíomar leo in 2022 ó leithcheal,** rud a chuir isteach ar a gceart chun tithíochta.

> *"Tá daoine ann a bhféachann síos ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu in árasáin, amhail tiarnaí talún ag féachaint síos ar, 'Á, is daoine bochta iad', ní theastaíonn uainn inár n-árasáin iad."*
> **Codanna Dúinn (2022).**

- **Tá duine as cúigear páistí** in Éirinn ina gcónaí le bochtaineacht. Is mó an seans go mbeadh bochtaineacht sheasmhach orainn ná daoine fásta.
- Tá páistí ó theaghlaigh aontuismitheora, páistí ina gcónaí i dteaghlaigh mhóra ina bhfuil duine éigin faoi mhíchumas, agus teaghlaigh den Lucht Siúil agus Romacha **i mbaol go háirithe.**
- Dá fhaide a mhairimid i mbochtaineacht is lú an seans go mbainimid barr ár gcumais amach.

**Táimid ag iarraidh ar an rialtas nua ár gceart chun caighdeáin maireachtála dóthanaí a chosaint agus deireadh a chur le bochtaineacht i measc páistí.**
Tá an méid a leanas ag teastáil uainn:


1. An CNACL thabhairt isteach go hiomlán i ndlí na hÉireann, go háirithe an ceart chun tithíochta
2. Tacaíochtaí dírithe ar theaghlaigh atá leochaileach go háirithe
3. Infheistíocht i seirbhísí poiblí níos fearr do na grúpaí agus pobail is mó a dtéann an bhochtaineacht i bhfeidhm orthu.



# 4. Tá ár gCeart chun Oideachais Chuimsithigh, Ardchaighdeáin tuillte againn

**Tá an oideachas fíorthábhachtach dár bhfás agus dár dtodhchaí, chomh maith le todhchaí na hÉireann.** Tá a fhios againn nach bhfuil an tacaíocht atá ag teastáil ó pháistí chun a bheith faoi bhláth ar scoil á fáil acu, **go háirithe páistí a bhfuil míchumas orthu.**

- Níl go leor spásanna scoile agus ann agus níl gach scoil inrochtana nó níl na tacaíochtaí cearta i bhfeidhm a bhfuil de dhíth orainn.
- **Ní mothaíonn gach scoláire go nglactar leo sa scoil, go háirithe daoine óga LGBTQIA+.** Mhothaigh 76% de scoláirí LGBTQIA+ neamh-shábháilte ar scoil in 2022, agus 86% acu ag brath go raibh siad scoite amach ag scoláirí eile.
- **Bíonn tionchar diúltach ag bulaíocht** agus **brú scrúduithe** araon **ar ár n-**eispéireas maidir le scoil.



**Táimid ag iarraidh ar an rialtas nua ár gceart chun oideachais a chosaint.** Tá an méid a leanas ag teastáil uainn:

1. Maoiniú méadaithe do scoileanna
2. Níos mó oiliúna do mhúinteoirí ionas go mbeadh a fhios acu an gcaoi is fearr chun tacaíocht a thabhairt do scoláirí
3. Cosaint níos fearr do scoláirí LGBTQIA+.



# 5. Tá sé tuillte ag Páistí a bhfuil míchumas orthu go ndéantar a gCearta a Chosaint

Ba mhaith linn go mbeadh **deis chothrom ag gach páiste a bhfuil míchumas orthu a spriocanna a bhaint amach agus lántaitneamh a bhaint as a n-óige.** Ba cheart go mothódh gach duine go nglacfaí leo agus go dtabharfaí tacaíocht dóibh chun barr a gcumais a bhaint amach.

- Cé go bhfuil **1,000 CRS breise** á bhfáil againn, ní leor é sin go fóill. **Tá seirbhísí agus saoráidí poiblí níos inrochtana ag teastáil uainn, amhail rampaí, CRSanna, teicneolaíocht agus iompar poiblí níos fearr.**
- Tá liostaí feithimh le haghaidh **Measúnuithe ar Riachtanais agus foirne Líonra Míchumais Leanaí** thar a bheith fada. Fiú tar éis blianta ag fanacht, de bharr ganntanas foirne, ní bhíonn go leor páistí ábalta na seirbhísí ríthábhachtacha a theastaíonn uathu a fháil
- D'inis na **páistí ar labhraíomar leo** inár dTuarascáil Codanna Dúinn go bhfuil tionchar ag easpa spásanna scoile agus múinteoirí nach bhfuil a fhios acu conas tacaíocht a thabhairt dá riachtanais ar leith ar a gceart chun oideachais.

> *"Tá uathachas orm agus tá go leor cásanna á dtuairisciú le déanaí agus níl páistí in ann dul chuig na cineálacha scoileanna a theastaíonn uathu, mar gheall ar an áit a bhfuil cónaí orthu, nó go bhfuil siad á ndiúltú ar an bpointe."*
> **Codanna Dúinn (2022).**

**Táimid ag iarraidh ar an rialtas nua chun ceart na bpáistí a bhfuil míchumas orthu a chosaint.** Tá an méid a leanas ag teastáil uainn:

1. Maoiniú méadaithe le haghaidh seirbhísí meabhairshláinte chun na liostaí feithimh a ghiorrú, measúnuithe a chur ar fáil, agus tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh le páistí a bhfuil míchumas orthu.
2. Oiliúint riachtanach maidir le míchumas do gach gairmí cúraim sláinte agus gach múinteoir.
3. Infheistíocht mhéadaithe i scoileanna agus i tacaíochtaí scoile uilíocha ionas gur féidir gach páiste rochtain a fháil ar a gceart chun oideachais.
4. Spásanna poiblí a thacaíonn le míchumas chomh maith le oideachas agus feasacht maidir le míchumas chun sochaí níos cuimsithí a chruthú.

